

Feasacht teanaa a chothú sa rana ábhair

Christine Ní Chathasaigh

11 Deireadh Fómhair 2021

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Seicliosta Zoom

Cliceáil anseo dul ó "Speaker View" (an té atá ag caint) go "Gallery View" (sleamhnáin an chur i láthair)

Déan cinnte do mhicreafón a mhúchadh anseo

Déan cinnte do cheamara a mhúchadh anseo

Méid na dtoscairí sa chruinniú anseo

Déan teagmháil leis an ngrúpa ar fad / baill foirne trí "Chat" a úsáid

Cliceáil anseo leis an seimineár a fhágáil

An Painéal

- Dr Seán Mac Corraidh *(Cathaoirleach)*

Coláiste Ollscoile Naomh Muire

- Christine Ní Chathasaigh

Gaelcholáiste Luimnigh

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Feasacht Teanga a chothú sa Rang Ábhair

Próifíl na bhFoghlaimeoirí

- Gaelcholáiste cathrach (650 scoláire)
- Is foghlaimeoirí teanga iad formhór na scoláirí.
- Mionlach ann le Gaeilge ón mbaile.
- Líon ard scoláirí ó Ghaelscoileanna

An Seomra Ranga Ábhair Lán-Ghaeilge

Tagraíonn an fheasacht teanga d'eolas follasach faoin teanga agus do bhraistint agus do thuiscint chomhfhiosach ar an bhfoghlaim teanga *(Andrews, 2007; Arnott & Vignola, 2020),* ***ar an teagasc teanga*** *(Andrews, 2007; Andrews & Lin, 2017; Temple Adger et al., 2018)* ***agus ar an úsáid teanga*** *(Andrews, 2007; Andrews & Svalberg, 2017).* ***Moladh go láidir í mar ghné bhunriachtanach in oideachas múinteoirí*** *(James & Garrett, 1992; Ó Ceallaigh, 2020; Tsui, 2003).*

Is é comhtháthú an ábhair agus na teanga croílár an tumoideachais éifeachtaigh ach, mar sin féin, bíonn dúshláin i gceist, ar chúiseanna éagsúla, leis an teagasc ina ndírítear ar an ábhar agus ar an teanga araon (Lyster, 2011).

An Teanga sa Rang Ábhair

Úsáidtear an sprioctheanga mar mheán chun an t-ábhar agus an teanga araon a theagasc sa tumoideachas.

Bíonn foghlaim rathúil an ábhair ag brath go mór ar an teanga i réimse an tumoideachais.

An t-ábhar agus an teanga

Meas a thaispeáint ar **riail na Gaeilge**. Teanga an tseomra ranga ná Gaeilge, teanga an teagaisc agus teanga shóisialta na foghlama.

Acmhainní Gaeilge a chur ar fáil. Gan a bheith ag brath go mór ar acmhainní trí mheán an Bhéarla.

Iachall a chur orthu **abairtí iomlána** a úsáid.

Aird a tharraingt ar **nithe gramadaí** le linn an ranga.

Botúin a cheartú!!

Cruinneas na Gaeilge: Feasacht a chothú sa rang ábhair. Tuigeann scoláirí go bhfuil 'cruinneas' tábhachtach sa rang seo

Cad a dhéanfá difriúil an chéad uair eile?

Briathra	Modh Coinníollach
Bí	Bheinn
Athraigh	D'athróinn
Cuir	Chuirfinn
Gearr	Ghearrfainn
Fág	D'fhágfainn

Eochairfhocail le foghlaim

Ábhar:_____ **Dáta tosaithe** _____

Topaic:_____ **Curtha I gcrích:**_____

Níl an focal ar eolas agam	Tá an focal feicthe/cloiste agam ach ní thuigim é.	Ceapaim go dtuigim an focal/an bhrí	Tuigim an focal agus an bhrí 100%

Nóta Gramadaí

Ainmfhocal	Leis an alt	Iolra	Tuiseal Ginideach Uatha
Teaghlach	An teaghlach	Na teaghlaigh	Méid an teaghlaigh
Clann	An chlann	Na clannta	Méid na clainne

Is focail an-choitianta iad sa chaibidil seo. Tabhair aire leo!!

Eolaíocht Shóisialta » Socheolaíocht — Social Science » Sociology

GA **teaghlach** *fir1*

gu teaghlaigh, *ai* teaghlaigh, *gi* teaghlach

EN home *s*

(HOUSEHOLD)

beirigh

▪ *VERB*

VERBAL NOUN

beiriú

VERBAL ADJECTIVE

beirithe

Past

SINGULAR

1 **bheirigh mé**
- ar bheirigh mé?
- níor bheirigh mé

2 **bheirigh tú**
- ar bheirigh tú?
- níor bheirigh tú

3 **bheirigh sé** *(MASC.)*
- ar bheirigh sé?
- níor bheirigh sé

bheirigh sí *(FEM.)*
- ar bheirigh sí?
- níor bheirigh sí

Obair Bhaile: Seicliosta

- **Dáta <u>scríofa</u>** ag barr an leathanaigh
- Obair go léir trí mheán na Gaeilge
- Bain úsáid as **téarma.i**e nó **teanglann.ie** más gá
- Bí cúramach le **haimsirí** – Cén aimsir atá i gceist agat?
- An féidir leat **struchtúr na habairte** a fheabhsú?

Scrúduithe/Measúnaithe/Cur i láthair

- Abairtí iomlána

- Béim a chur ar chaighdeán na Gaeilge. Ní bhronntar marcanna ar abairtí míchruinne ó thaobh na teanga de.

*Marcanna breise a thabhairt ag brath ar chaighdeán na teanga

Cruinneas agus Ceartúcháin

- Gnéithe na gramadaí a aibhsiú: Cén fáth go bhfuil séimhiú anseo?
- Botúin a cheartú mar thagann siad aníos! Cultúr na foghlama a chothú.
- Botún suntasach amháin a aibhsiú agus a cheartú.
- Botúin choitianta an ranga a phlé leo (Aimsir Chaite V Modh Ordaitheach)

An Mhórcheist

An bhfuil am againn?

Ranganna Praiticiúla



Ceisteanna

- Rang uair a chloig le ranganna praiticiúla – conas a chuireann tú béim ar an teanga fiú na scileanna nuair atá tú faoi bhrú ama?
- Conas rang ina bhfuil cumais dhifriúla sa Ghaeilge ar fad a thabhairt leat?

Tacaíochtaí ó Gaeloideachas

- Ceardlann ghaolmhar – Sealbhú Teanga a Threisiú Thar Ábhair Éagsúla
  - Sleamhnáin
  - Taifead
- Rannóg speisialta do mhúinteoirí : www.gaeloideachas.ie/is-muinteoir-oideoir-me/?lang=ga
- Rannóg speisialta do thuismitheoirí: www.gaeloideachas.ie/is-tuismitheoir-dalta-me
- Nuachtlitreacha: www.gaeloideachas.ie/nuacht-blag/?lang=ga
- Físeáin ar YouTube (taifead de na seimineáir uile): www.youtube.com/channel/UCcFMSwfGoHHsW4-GWMF2ArQ

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Acmhainní eile

- Tairseach COGG: www.cogg.ie/en/tairseach/
- Acmhainní teanga agus foclóireachta ar shuíomh COGG: www.cogg.ie/focloiri/

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Míle Buíochas libh as bheith linn!

Teaamháil

eolas@gaeloideachas.ie

01 853 5195

www.gaeloideachas.ie

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta